

# Curaclam Matamaitice na Bunscoile

## Patrúin, rialacha agus coibhneas

Ba chóir deiseanna a thabhairt do pháistí léiriú a thabhairt ar an gcaoi a bhféadfaí an t-eolas agus na scileanna a fhoghlaimítear sa snáithe seo a úsáid chun foghlaim a nascadh, a threisiú agus a chur chun cinn ar fud na gceithre shnáithe idirnasctha.

	<b>a</b> An foghlaimeoir	<b>b</b> An foghlaimeoir	<b>c</b> An foghlaimeoir	<b>d</b> An foghlaimeoir	<b>e</b> An foghlaimeoir	<b>f</b> An foghlaimeoir	<b>g</b> An foghlaimeoir	<b>h</b> An foghlaimeoir	<b>i</b> An foghlaimeoir	<b>j</b> An foghlaimeoir	<b>k</b> An foghlaimeoir	
<b>Gnéithe</b>	<b>Patrúin, rialacha agus coibhneas</b>											
<b>Tuiscint agus Ceangal</b>	<p>Freastalaíonn sé ar agus freagraíonn sé d'fhuaimneanna, do ghníomhartha agus do ghluaiseachtaí a sheasann do phatrúin.</p> <p>Glacann sé páirt i réimse rann, cluichí agus cásanna rólímirte uimhreacha a bhfuil patrúin agus seichimh uimhreacha i gceist leo.</p>	<p>Glacann sé páirt i gcásanna a bhfuil fuaimeanna, gníomhartha agus gluaiseachtaí seicheamhaithe i gceist leo.</p> <p>Aimsíonn sé patrúin sa timpeallacht.</p> <p>Aithrisíonn sé seichimh uimhirfhocal ar aghaidh go dtí 20 agus siar ó 10.</p> <p>Déanann sé imscrúdú ar choibhéis agus ar neamhchoibhéis chainníochtúil. (Mar shampla: an uimhir chéanna, mar an gcéanna le, cothrom le, níos mó ná, níos lú ná).</p> <p>Cóipeálann agus forbraíonn sé patrúin cheoil agus ó bhéal atá leantach (amhráin ní uirlisí).</p>	<p>Sainnithníonn sé aonad leantach laistigh de phatrún leantach.</p> <p>Aithníonn sé patrúin chruthanna, uimhriúla, cheoil agus bhriathartha shimplí.</p> <p>Aithníonn agus seicheamhaíonn sé uimhreacha go dtí 10 ar a laghad.</p> <p>Déanann sé iniúchadh ar phatrúin i seichimh uimhreacha.</p> <p>Cóipeálann agus forbraíonn sé patrúin cruthanna, uimhriúla, cheoil agus bhriathartha leantacha.</p>	<p>Comhaireann sé ar aghaidh agus siar taobh istigh de 20, agus os a chionn.</p> <p>Tugann sé patrúin idir naisc uimhreacha go dtí 10.</p> <p>Cóipeálann agus forbraíonn sé patrúin cruthanna agus uimhriúla de chastacht atá ag méadú.</p> <p>Cainníochtaíonn sé na méaduithe idir aonaid i bpatrúin shimplí uimhriúla atá ag fás nó ag laghdú.</p> <p>Tosaíonn sé ag déanamh iniúchadh ar an airí náide (ní athraíonn uimhir nuair a chuirtear náid léi nó nuair a dhealaítear náid uaithi).</p>	<p>Déanann sé iniúchadh ar phatrúin agus ar choibhneas uimhriúla a bhaineann le fíricí suimithe agus dealaithe suas go dtí 10 ar a laghad.</p> <p>Aithníonn sé patrúin corruimhreacha agus ré-uimhreacha in 100-chearnóg.</p> <p>Tosaíonn sé ag déanamh iniúchadh ar airí cómhálartach (ord na n-uimhreacha atá á gcur le chéile a athrú agus an t-iomlán céanna a fháil fós) an tsuimithe.</p>	<p>Déanann sé iniúchadh agus taifead ar réimse leathan patrún in 100-chearnóg.</p> <p>Déanann sé iniúchadh ar phatrúin agus ar choibhneas uimhriúla a bhaineann le fíricí suimithe agus dealaithe suas go dtí 20 ar a laghad.</p>	<p>Déanann sé iniúchadh ar iolrúchán, agus aithníonn sé é, mar shuimiú leantach.</p> <p>Déanann sé iniúchadh ar airí náide agus ar airí cómhálartach an iolraithe.</p> <p>Déanann sé iniúchadh agus imscrúdú ar an t-airí comhthiomsaitheach (ní athraíonn an chaoi ina gcuirtear uimhreacha le chéile in abairt suimithe nó iolrúcháin an t-iomlán nó an toradh) agus a fheidhm i dtaca le suimiú agus le hiolrúchán.</p> <p>Glacann sé cur chuige córasach i gcomhair shainnithint iolraí na n-uimhreacha.</p>	<p>Déanann sé iniúchadh ar iolrúchán mar shuimiú leantach, aithníonn an scoláire an gá le haghaidh iolrúcháin i gcásanna a bhfuil eagair, achar, agus méadú i gceist leo (Mar shampla: deich n-oiread níos mó).</p> <p>Déanann sé iniúchadh agus imscrúdú ar airí dáileach an iolrúcháin (iolraig suim, trí gach comhpháirt a iolrú astu féin agus na torthaí a chur le chéile).</p> <p>Glacann sé cur chuige córasach i gcomhair shainnithint fhachtóirí na n-uimhreacha.</p> <p>Fiosraíonn sé rialacha faoi inbhéartaí,</p>	<p>Ag cur leis an tuiscint atá acu ar iolrúchán mar shuimiú leantach, aithníonn an scoláire an gá le haghaidh iolrúcháin i gcásanna a bhfuil eagair, achar, agus méadú i gceist leo (Mar shampla: deich n-oiread níos mó).</p> <p>Déanann sé iniúchadh agus imscrúdú ar airí dáileach an iolrúcháin (iolraig suim, trí gach comhpháirt a iolrú astu féin agus na torthaí a chur le chéile).</p> <p>Glacann sé cur chuige córasach i gcomhair shainnithint fhachtóirí na n-uimhreacha.</p> <p>Fiosraíonn sé rialacha faoi inbhéartaí,</p>	<p>Sainnithníonn sé uimhreacha triantánacha, cearnógacha agus dronuilleogacha léirítear uimhreacha triantánacha trí phoinc a leagtar amach i línte a chruthaíonn triantán comhshleasach/dronuilleach; léirítear uimhreacha cearnacha trí phoinc a leagtar amach i línte agus i gcolúin a chruthaíonn cearnóg; agus léirítear uimhreacha dronuilleogacha trí phoinc a leagtar amach i línte agus i gcolúin a chruthaíonn dronuilleog.</p> <p>Déanann sé iniúchadh ar rialacha faoi lúbíní agus faoi thosaíocht na n-oibríochtaí (Mar shampla: seasann BIMBAS do lúbíní, innéacsanna, iolrúchán, roinnt, suimiú agus dealú).</p> <p>Sainnithníonn sé uimhreacha deimhneacha agus diúltacha i gcomhthéacs.</p>	<p>Sainnithníonn agus déanann sé conclúidí matamaiticiúla faoi fhréamhacha cearnacha agus déanann sé iniúchadh orthu.</p> <p>Déanann sé ceangail idir léirithe difriúla de choibhneas a ilgéabracha. (Mar shampla: Idir sloinn, táblaí, graif agus patrúin chrutha).</p> <p>Cuireann sé uimhreacha deimhneacha agus diúltacha le chéile ar uimhirlíne agus baineann sé iad óna chéile.</p> <p>Scríobhann sé slánuimhreacha i bhfoirm easpóntantúil.</p>	<p>Iolraíonn sé uimhreacha deimhneacha agus diúltacha agus cuardaíonn sé patrúin.</p> <p>Déanann sé iniúchadh ar an gcaoi a ndéanann graif aontoiseacha agus dhéthoiseacha cur síos ar na coibhneas a léirítear i gcothromóid.</p>

	a An foghlaimeoir	b An foghlaimeoir	c An foghlaimeoir	d An foghlaimeoir	e An foghlaimeoir	f An foghlaimeoir	g An foghlaimeoir	h An foghlaimeoir	i An foghlaimeoir	j An foghlaimeoir	k An foghlaimeoir	
<b>Gnéithe</b>	<b>Patrúin, rialacha agus coibhneas</b>											
<b>Cumarsáid</b>	<p>Freagraíonn sé do réimse spreagthach chun feacht ar phatrúin leantacha a chur in iúl.</p>	<p>Glacann sé páirt i réimse rann, cluichí agus cásanna rólghlactha uimhreacha a bhfuil patrúin agus seichimh uimhreacha i gceist leo.</p> <p>Éisteann sé le scéalta a bhfuil patrúin agus seichimh uimhreacha i gceist leo agus athinsíonn sé iad.</p> <p>Sainaitníonn agus léiríonn sé tuiscint ar phatrúin agus ar sheichimh uimhreacha i bpictiúir agus i scéalta.</p> <p>Déanann sé idirdhealú idir seichimh (ag athrá nó ag fás) agus seichimh nó bailiúcháin lena gcuimsítear gnéithe randamacha, agus is dá bharr sin nach 'patrúin' iad.</p>	<p>Úsáideann sé teanga oiriúnach chun labhairt faoi phatrúin ar scoil, sa bhaile agus sa mhórhimpeallacht a bhfuil rudaí, dathanna, cruthanna agus uimhreacha i gceist leo.</p> <p>Déanann sé cur síos ar athruithe inbhraite i dtéarmaí cainníochtúla.</p> <p>Déanann sé cur síos ar chosúlachtaí agus ar dhifriochtaí idir tacair ó thaobh cainníochta de.</p>	<p>Déanann sé cur síos ar phatrúin shimplí atá ag fás agus ag laghdú.</p> <p>Déanann sé cur síos ar phatrúin leantacha mar atriallta aonaid.</p> <p>Míníonn agus áitíonn sé airí náide de shuimiú, .i. ní athraíonn uimhir nuair a chuirtear náid léi.</p> <p>Tarraingíonn sé léirithe agus úsáideann sé láimhseoga nithiúla chun iniúchadh a dhéanamh ar struchtúr na bpatrúin.</p> <p>Déanann sé cur síos ar imeachtaí sa todhchaí agus tuarann sé iad (Mar shampla: Laethanta na seachtaine, míonna na bliana).</p>	<p>Déanann sé cur síos ar an struchtúr a rialaíonn patrúin atá ag fás agus ag laghdú.</p> <p>Míníonn agus áitíonn sé airí cómhalartach na bhfforas suimithe (ord na n-uimhreacha atá á gcur le chéile a athrú agus an t-iomlán céanna a fháil fós).</p> <p>Déanann sé taifead ar an eolas cainníochtúil a chuirtear ar fáil i scéal nó i bhfoirm phictiúrtha nó ghrafach.</p>	<p>Déanann sé cur síos ar athrú cainníochtúil i bpatrúin atá ag fás agus ag laghdú.</p> <p>Déanann sé cur síos ar riail do phatrún a thagraíonn do choibhneas idir gach téarma agus an suíomh atá aige. (Mar shampla: tá cearnóg amháin agus dhá thriantán sa dara fíor, agus mar sin, tá cúig chearnóg agus deich dtriantán sa chúigiú fíor.</p> <p>Aithníonn sé patrúin a thagann chun cinn i suimiú nó i ndealú corruimhreacha/ ré-uimhreacha agus déanann sé cur síos orthu.</p> <p>Léiríonn sé patrúin ag baint úsáid as láimhseoga, léirithe agus léaráidí.</p>	<p>Déanann sé cur síos ar athrú cainníochtúil i bpatrúin atá ag fás agus ag laghdú.</p> <p>Déanann sé cur síos ar riail do phatrún a thagraíonn do choibhneas idir gach téarma agus an suíomh atá aige. (Mar shampla: tá cearnóg amháin agus dhá thriantán sa dara fíor, agus mar sin, tá cúig chearnóg agus deich dtriantán sa chúigiú fíor.</p> <p>Aithníonn sé patrúin a thagann chun cinn i suimiú nó i ndealú corruimhreacha/ ré-uimhreacha agus déanann sé cur síos orthu.</p> <p>Léiríonn sé patrúin ag baint úsáid as láimhseoga, léirithe agus léaráidí.</p>	<p>Déanann sé iniúchadh ar léirithe patrún difriúla (Mar shampla: laistigh de tháblaí nó de chodáin).</p>	<p>Léiríonn sé airíonna na n-oibríochtaí - náid, cómhalartach, comhthiomsaitheach, dáileach.</p> <p>Léiríonn sé struchtúir agus rialacha patrún, ar bhealaí éagsúla, ó bhéal, siombalach agus léaráideach ina measc, agus déanann sé taifead orthu.</p> <p>Cuireann sé uimhreacha treocha in iúl i gcásanna san fhíorshaol (Mar shampla: le teocht nó airgead).</p> <p>Léiríonn sé uimhir mar thoradh fachtóirí.</p>	<p>Úsáideann sé táblaí agus comharthaí chun uimhreacha triantsánacha, cearnacha agus dronuilleogacha a léiriú.</p> <p>Léiríonn sé struchtúir agus rialacha patrún, ar bhealaí éagsúla, ó bhéal, siombalach, léaráideach agus grafach ina measc, agus déanann sé taifead orthu.</p> <p>Úsáideann sé léirithe patrún chun réitigh i gcomhair fadhbanna a aimsiú agus chun luachanna d'imeachtaí anaithnide nó sa todhchaí a fháil amach.</p>	<p>Déanann sé cur síos, ag baint úsáid as réimse uirlisí, ar chásanna a bhfuil rátaí inathraitheacha nó buana athraithe i gceist leo agus léirmhíníonn sé iad.</p> <p>Úsáideann sé léirithe patrún chun réitigh i gcomhair fadhbanna a aimsiú agus chun luachanna d'imeachtaí anaithnide nó sa todhchaí a fháil amach.</p>	<p>Úsáideann sé nodaireachtaí le haghaidh innéacsanna.</p> <p>Léiríonn sé coibhneas idir cainníochtaí ar bhealaí siombalach, grafacha agus léaráideacha. Roghnaíonn sé an léiriú is oiriúnaí agus aistríonn sé idir léirithe.</p>

	a	b	c	d	e	f	g	h	i	j	k
	An foghlaimeoir	An foghlaimeoir	An foghlaimeoir	An foghlaimeoir	An foghlaimeoir	An foghlaimeoir	An foghlaimeoir	An foghlaimeoir	An foghlaimeoir	An foghlaimeoir	An foghlaimeoir
<b>Gnéithe</b>	<b>Patrúin, rialacha agus coibhneas</b>										
<b>Réasúnaíocht</b>	<p>Lorgaíonn sé réimse gníomhaíochtaí a bhfuil patrúin, seichimh agus sainaithint luath na gcoibhneas in uimhreacha i gceist leo agus déanann sé iniúchadh orthu.</p> <p>Breathnaíonn sé ar cad a thagann ina dhiaidh i bpatrún agus i ngníomhaíochtaí seichimh a bhfuil taithí aige/aici orthu.</p>	<p>Déanann sé iniúchadh ar an gcoibhneas idir uimhir amháin eile a chur le/a bhaint ó thacar agus an chéad uimhir eile i seicheamh comhairimh.</p> <p>Déanann sé iniúchadh ar uimhreacha a thagann roimh nó ina ndiaidh i seicheamh.</p> <p>Déanann sé tuartha maidir le cad a tharlaíonn roimhe sin/ansin i seicheamh rudaí, fuaimeanna nó gluaiseachtaí?</p> <p>Déanann sé cur síos ar phatrúin leantacha de dhá rud ar a laghad.</p>	<p>Aithníonn sé patrúin agus tuarann sé téarmaí leantacha iartheachacha i seicheamh.</p>	<p>Dlisteraíonn sé an t-airí náide le cruthúna(i)s (ní athraíonn uimhir nuair a chuirtear náid léi nó nuair a dhealaítear náid uaithi) agus ginearálaíonn sé é do na huimhreacha uilig.</p>	<p>Déanann sé comparáid idir peirspictíochtaí eile ar phatrúin.</p> <p>Léiríonn sé an airí cómhálartach an tsuimithe le cruthúna(i)s (Mar shampla: léaráid a tharraingt nó ábhair choineárta a úsáid).</p> <p>Déanann sé cur síos ar an bhfáth a ndéanann riail cur síos ar phatrún agus léiríonn sé cén fáth é sin.</p>	<p>Bunaíonn sé coibhneas idir uimhreacha agus an suíomh atá acu in 100-chearnóg.</p> <p>Cuireann sé na rialacha a rialaíonn patrúin atá ag fás nó ag laghdú i bhfeidhm chun forbairt i gcomhair na gcéad téarmaí eile, agus chun luachanna sa todhchaí a thuar.</p> <p>Agus é ag baint úsáid as na samplaí de na huimhreacha faoi bhun 100, déanann sé ginearálú ar rialacha na n-uimhreacha (Mar shampla: críochnaíonn na ré-uimhreacha ar 0, 2, 4, 6, nó 8 beag beann ar a mhéad atá an uimhir).</p>	<p>Cruthaíonn sé sloinn (d'fhéadfadh na sloinn a bheith ó bhéal nó siombalach) i gcás éagsúlacht patrún, struchtúr agus rialacha agus úsáideann sé iad chun tuartha a dhéanamh faoi téarmaí sa todhchaí.</p> <p>Léiríonn sé an t-airí comhthiomsaitheach le cruthúna(i)s. (Mar shampla: le léaráid nó cosaint ó bhéal).</p> <p>Léiríonn sé patrúin éagsúla ar mhodhanna difriúla, briathartha, pictiúrtha, léaráideach agus siombalach ina measc.</p>	<p>Cruthaíonn sé sloinn focal agus shiombalacha do struchtúr patrún, i gcásanna uimhreacha, cruthanna, agus fíorshaoil.</p> <p>Dlisteraíonn sé an struchtúr agus na rialacha a dhéanann cur síos ar phatrúin, agus comparáid á déanamh idir dearcthaí eile.</p> <p>Míníonn sé an t-airí dáileach agus léiríonn sé an chaol a n-oibríonn sé.</p>	<p>Dlisteraíonn sé ord na ríomhanna de réir na rialacha BIMDAS le cruthúna(i)s.</p> <p>Forbraíonn agus ginearálaíonn sé patrúin taobh istigh de sheichimh triantánacha agus cearnacha.</p>	<p>Aithníonn agus forbraíonn sé patrúin rialta ina bhfuil uimhreacha diúltacha san áireamh.</p> <p>Baineann sé úsáid as léirithe; ó bhéal, siombalach, grafacha nó léaráideacha de chaidrimh idir cainníochtaí chun luachanna sa todhchaí a thuar agus chun réiteach i gcomhair imeachtaí ar leith.</p>	<p>Léirmhíniúnn sé coibhneas ailgéabracha ar ghraif agus déanann sé anailís orthu.</p> <p>Déanann sé imscrúdú ar acmhainn easpóntúil na n-uimhreacha, taobh istigh de chomhthéacsanna fíorshaoil.</p>
<b>Cur i bhFeidhm agus Réiteach Fadhanna</b>	<p>Déanann sé iniúchadh ar fhéidearthachtaí patrúin agus seichimh tríd an spraoi.</p> <p>Freagraíonn sé agus/nó bíonn sé ag súil le réimse patrún, struchtúr agus rialacha coitianta i ngnáthaimh choitianta agus i seichimh laethúla.</p>	<p>Cuireann sé ord ar phictiúir d'imeachtaí nó de chéimeanna a bhfuil cur amach aige orthu i ngnáthaimh laethúla.</p> <p>Cruthaíonn sé patrún leantach a thosaíonn le dhá rud nó íomhá ar a laghad.</p>	<p>Cóipeálann agus forbraíonn sé patrúin níos casta ag baint úsáid as réimse láimhseog agus /nó pictiúr/ comharthaí.</p> <p>Cuireann sé tuiscint ar ghnáthamh i bhfeidhm chun cad a tharlóidh ansin i scéalta, i ndáin agus i ngníomhaíochtaí coitianta a thuar.</p>	<p>Cruthaíonn sé patrúin leantacha agus patrúin atá ag fás trí thógáil nó trí líníocht.</p>	<p>Léiríonn sé cásanna a bhfuil suimiú nó dealú de shlánuimhreacha i gceist leo, ag baint úsáid as rudaí, as pictiúir agus as comharthaí.</p>	<p>Tarraingíonn sé ó phatrúin agus ó airíonna chun uimhir-fhíríci anaithnide a fháil amach ó bhunfhíríci, (Mar shampla: dubailtí, iolraithe de 10).</p> <p>Déanann sé imscrúdú ar fheidhm agus cuireann sé í in úsáid i seicheamh uimhreacha (Mar shampla: suimigh 2).</p>	<p>Cuireann sé struchtúr nó riail shainitheanta an phatrúin i bhfeidhm chun níos mó luachanna a fháil amach.</p> <p>Déanann sé samhail d'fhadhanna móra ag baint úsáid as léirithe éagsúla amhail graif, táblaí agus cothromóidí agus réitíonn sé iad.</p>	<p>Réitíonn sé fadhanna a bhfuil coibhneas comhréireacha i gceist leo.</p> <p>Léiríonn sé cásanna ag baint úsáid as léaráidí, as graif, as táblaí agus as sloinn chun conclúid a dhéanamh.</p>	<p>Tarraingíonn sé ar airíonna cómhálartacha, comhthiomsaitheacha, agus dáileacha an iolrúcháin chun uimhreacha a fhachtóiriú agus chun torthaí fachtóirí a shainaithint.</p>	<p>Sainaithníonn sé easpóntant nó bonn atá ar lár.</p> <p>Cuireann sé eolas ar fhachtóirí i bhfeidhm chun fadhanna a bhfuil iolrúchán agus roinnt i gceist leo a réiteach.</p>	<p>Úsáideann sé eolas ar uimhreacha cearnacha chun fadhanna a réiteach go héifeachtúil.</p> <p>Aimsíonn agus dlisteraíonn sé rialacha d'innéacsanna agus cuireann sé iad i bhfeidhm.</p>